

Iománaíocht

Bliain stairiúil a bhí ann d'iománaithe Mhícheál Breathnach i mbliana. Bhí Naoise Ó Lionáird ar phainéal mhionúr iomána na Gaillimhe a bhuaigh Craobh na hÉireann, bhí Antaine Ó Finneadha ar phainéal idirmheánach iomána na Gaillimhe, agus bhí Maidhc Ó Conghaile ar phainéal faoi-14 na Gaillimhe. Den gcéad uair i stair an chlub d'éirigh leis na Breathnaigh cáiliú do bhabhtaí ceathrú ceannais an chontae.

Ar thráthnóna aoibhinn samhradh i Maigh Cuilinn a rinne iománaithe na mBreathnaigh gaisce agus iad ag fáil an chinn is fearr ar An Spidéal den chéad uair riamh leis an scór 1.11 in aghaidh 3.8. Thug an bua seo ardú croí don fhoireann tar éis dóibh gach cluiche a chailliúint sa gcrabhadh le dhá bhliain anuas. D'fhág a mbua ar An Rathún / Caisleán Nua go raibh dhá chluiche buaite ag na Breathnaigh.

Bhailigh slua mór ar Pháirc an Chnoic i mí Iúil nuair a thug na Breathnaigh aghaidh ar Cill Fheichín. Bhí na Breathnaigh dhá chúilín chun deireadh agus an t-am beagnach istigh, nuair a d'aimsigh Fiontán Ó Curraoin cúl gleoite chun na Breathnaigh a chur chun cinn, agus cé go bhfuair Cill Fheichín cúilín ina dhiaidh sin chun an scór a chothromú bhí seans iontach ag na Breathnaigh cáiliú don chluiche ceathrú ceannais.

D'fhág a mbua ar Mhaigh Cuilinn agus bua eile ar Chill Íomair go raibh na Breathnaigh ar bharr an ghrúpa agus áit bainte amach acu i gcluiche ceathrú ceannais an



Naoise Ó Lionáird


Chontae agus cé nár éirigh linn dul níos faide ná sin ba é seo an séasúr ab fhearr a bhí ag an gclub riamh i nGrád B. Bhí an mí-ádh ar an gclub i mbliana ó thaobh gortaithe de, ach le cúnamh Dé, beidh na himreoirí seo go léir ar ais i mbarr a sláinte arís nuair a chuirfear tús le feachtas na craoibhe 2010.

D'éirigh le foirne mionúir agus faoi-21 an chlub cáiliú do chluiche ceathrú ceannais an chontae chomh maith. Bhuaigh an fhoireann faoi-21 i gcoinne Mhaigh Cuilinn agus Bearna / Forbacha agus imreoidh siad Baile Locha Riach sa gcéad cluiche eile.

Is é Gerry Ó Fátharta as an gCnocán Glas atá mar bhainisteoir ar an bhfoireann sóisir i mbliana. Ba iománaí cumasach é Gerry uair dá raibh agus d'imir sé d'fhoirne éagsúla sa mbaile agus thar lear. Iariománaí agus peileadóir leis na Breathnaigh, Mánus Ó Conghaile, agus Tomás Ó Ceallaigh atá mar roghnóirí aige, agus is beag

fhoireann bainistíochta atá in ann a rá nár chaill siad aon chluiche craoibhe go dtí seo. Siad Diarmuid agus Oisín Ó Ceallaigh, beirt eile a bhain áit amach ar phainéal na Gaillimhe idir pheil agus iomáint, atá ag breathnú amach do na mionúir i mbliana.

Tá na hiománaithe an bhuíoch do *Al Hayes Motors* as Port Omna a rinne urraíocht ar gheansaithe nua dúinn i mbliana. Ba mhaith leis an gcoiste iomána buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a thug cúnamh leis an gcampa iomána a reáchtáil sa samhradh, go háirithe le Coiste na nÓg agus iad siúd idir óg agus aosta a thug a gcuid ama go fial. Bhain na daoine óga ardtaitneamh as an tseachtain agus táimid fíorbhuíoch d'iománaí na Gaillimhe, John Lee, a bhí linn chun a chuid scileanna a roinnt leis na gasúir.



Antaine Ó Finneadha



Ciarán Breathnach agus Mánus Ó Conghaile